**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/240 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 7 Feabhra 2025**

**lena nglactar an cúigiú nuashonrú ar an liosta ceantar a bhfuil tábhacht Chomhphobail leo maidir leis an réigiún bithgheografach Steipe**

*(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025) 741)*

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú ([1]), agus go háirithe an tríú fomhír d'Airteagal 4(2) di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is éard atá i gceist leis an réigiún bithgheografach Steipe dá dtagraítear in Airteagal 1(c)(iii) de Threoir 92/43/CEE codanna den Rómáin ar críocha de chuid an Aontais iad, mar a shonraítear sa léarscáil bhithgheografach a d'fhormheas an coiste an 20 Aibreán 2005, coiste a bunaíodh le hAirteagal 20 den Treoir sin ('an Coiste um Ghnáthóga').

(2) An chéad liosta ceantar a bhfuil tábhacht Chomhphobail leo maidir leis an réigiún bithgheografach Steipe, de réir bhrí Threoir 92/43/CEE, glacadh le Cinneadh 2008/966/CE ón gCoimisiún ([2]) é. Tugadh an liosta sin cothrom le dáta go deireanach le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/446 ón gCoimisiún ([3]).

(3) Na ceantair a áirítear leis an liosta ceantar a bhfuil tábhacht Chomhphobail leo maidir leis an réigiún bithgheografach Steipe, is cuid de líonra Natura 2000 iad, líonra atá ina ghné fhíor-riachtanach den bhithéagsúlacht a chosaint san Aontas. Chun dul chun cinn níos mó a dhéanamh maidir le líonra Natura 2000 a bhunú iarbhír agus i gcomhthéacs oiriúnú dinimiciúil an líonra sin, athbhreithnítear go tráthrialta na liostaí ceantar a bhfuil tábhacht Chomhphobail leo.

(4) Idir an 5 Márta 2023 agus an 29 Feabhra 2024, mhol an Rómáin ceantair bhreise a bhfuil tábhacht Chomhphobail leo maidir leis an réigiún bithgheografach Steipe de réir bhrí Airteagal 1 de Threoir 92/43/CEE. Chuir an Rómáin athruithe isteach freisin ar an bhfaisnéis a bhaineann leis na ceantair atá ar an liosta ceantar a bhfuil tábhacht Chomhphobail leo maidir leis an réigiún bithgheografach Steipe.

(5) Ar bhonn an dréachtliosta a tharraing an Coimisiún suas i gcomhaontú leis an mBallstát lena mbaineann, dréachtliosta lena sainaithnítear na ceantair ina bhfuil cineálacha gnáthóige nádúrtha tosaíochta nó speicis tosaíochta freisin, ba cheart liosta nuashonraithe a ghlacadh de na ceantair a roghnaíodh mar cheantair a bhfuil tábhacht Chomhphobail leo maidir leis an réigiún bithgheografach Steipe. Beidh feidhm ag Airteagal 4(4) agus ag Airteagal 6 de Threoir 92/43/CEE maidir leis na ceantair nua-áirithe.

(6) An t-eolas gur ann do na cineálacha gnáthóige nádúrtha agus do na speicis agus eolas ar a ndáileadh, bíonn sé ag forbairt de shíor mar thoradh ar an bhfaireachas a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 11 de Threoir 92/43/CEE. Dá bhrí sin, rinneadh meastóireacht ar na ceantair agus roghnaíodh na ceantair ar leibhéal an Aontais trí úsáid a bhaint as an bhfaisnéis is fearr a bhí ar fáil ag an am.

(7) Maidir leis an réigiún bithgheografach Steipe, níor mhol an Rómáin ceantair atá leormhaith chun ceanglais Threoir 92/43/CEE a chomhlíonadh le haghaidh cineálacha gnáthóige agus speicis áirithe. Thairis sin, an t-eolas gur ann do chuid de na cineálacha gnáthóige nádúrtha a liostaítear in Iarscríbhinn I agus cuid de na speicis a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 92/43/CEE agus an t-eolas ar a ndáileadh, níl sé iomlán go fóill. Dá bhrí sin, maidir leis na cineálacha gnáthóige agus na speicis sin, ní féidir teacht ar an gconclúid go bhfuil líonra Natura 2000 iomlán.

---

([1]) IO L 206, 22.7.1992, lch. 7, , ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1992/43/oj.

([2]) Cinneadh 2008/966/CE ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2008 lena nglactar, de bhun Threoir 92/43/CEE ón gComhairle, liosta tosaigh ceantar a bhfuil tábhacht Chomhphobail leo maidir leis an réigiún bithgheografach Steipe (IO L 344, 20.12.2008, lch. 117, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2008/966/oj).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/446 ón gCoimisiún an 2 Feabhra 2024 lena nglactar an ceathrú nuashonrú ar an liosta ceantar a bhfuil tábhacht Chomhphobail leo maidir leis an réigiún bithgheografach Steipe (IO L 2024/446, 9.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/446/oj).

(8) Ar mhaithe le soiléireacht agus le trédhearcacht, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/446 a aisghairm.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Ghnáthóga,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Glactar an cúigiú nuashonrú ar an liosta ceantar a bhfuil tábhacht Chomhphobail leo maidir leis an réigiún bithgheografach Steipe mar a leagtar amach san Iarscríbhinn.

*Airteagal 2*

Aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/446.

*Airteagal 3*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 7 Feabhra 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
Jessika ROSWALL
*Comhalta den Choimisiún*

CUID 1

**An cúigiú nuashonrú ar an liosta ceantar a bhfuil tábhacht Chomhphobail leo maidir leis an réigiún bithgheografach Steipe**

Sainaithnítear gach ceantar a bhfuil tábhacht Chomhphobail leis (CTC) tríd an bhfaisnéis a sholáthraítear i bhformáid Natura 2000, lena n-áirítear an léarscáil chomhfhreagrach. Tharchuir na húdaráis inniúla náisiúnta an fhaisnéis sin i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 4(1) de Threoir 92/43/CEE.

Tugtar an fhaisnéis seo a leanas sa tábla thíos:

A: An cód CTC (ceantar a bhfuil tábhacht Chomhphobail leis) ina bhfuil naoi gcarachtar, agus is éard a bheidh sa chéad dá charachtar cód ISO an Bhallstáit;

B: ainm CTC;

C: * = cineál gnáthóige nádúrtha tosaíochta amháin agus/nó speiceas tosaíochta amháin de réir bhrí Airteagal 1 de Threoir 92/43/CEE a bheith in CTC;

D: achar CTC ina heicteáir nó fad CTC ina km;

E: comhordanáidí geografacha CTC (domhanleithead agus domhanfhad) ina gcéimeanna deachúla.

An fhaisnéis ar fad a thugtar i liosta an Aontais thíos, tá sí bunaithe ar na sonraí a rinne an Rómáin a mholadh, a tharchur agus a bhailíochtú.

| A | B | C | D | | E | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Cód CTC | Ainm CTC | * | Achar CTC (ha) | Fad CTC (km) | Comhordanáidí geografacha CTC | |
| | | | | | Domhanfhad | Domhanleith-ead |

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/240/oj



IO L, 17.2.2025

CUID 2

| Cód CTC | Ainm CTC | Airteagal 1 | Achar (ha) | Fad (km) | Domhanfhad | Domhanleithead |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ROSAC0022 | Canaralele Dunării | * | 26 109,9 | | 27,899211 | 44,246708 |
| ROSAC0053 | Dealul Alah Bair | * | 193,5 | | 28,218786 | 44,501053 |
| ROSAC0060 | Dealurile Agighiolului | * | 1 514,1 | | 28,83043 | 45,041464 |
| ROSAC0067 | Deniz Tepe | * | 414,4 | | 28,688092 | 45,003028 |
| ROSAC0071 | Dumbrăveni - Valea Urluia - Lacul Vederoasa | * | 18 024,4 | | 27,879294 | 44,147972 |
| ROSAC0072 | Dunele de nisip de la Hanul Conachi | * | 249,2 | | 27,578975 | 45,571839 |
| ROSAC0083 | Fântânița Murfatlar | * | 577,5 | | 28,386333 | 44,154403 |
| ROSAC0103 | Lunca Buzăului | * | 9 575,4 | | 27,001089 | 45,075905 |
| ROSAC0131 | Oltenița - Mostiștea - Chiciu | | 11 521,2 | | 26,813089 | 44,101503 |
| ROSAC0133 | Pădurea Bădeana | * | 62,3 | | 27,571833 | 46,156728 |
| ROSAC0134 | Pădurea Balta - Munteni | | 85,8 | | 27,464731 | 45,948678 |
| ROSAC0139 | Pădurea Breana - Roșcani | * | 155 | | 27,994822 | 45,926528 |
| ROSAC0149 | Pădurea Eseschioi - Lacul Bugeac | * | 2 942,8 | | 27,437842 | 44,081742 |
| ROSAC0151 | Pădurea Gârboavele | * | 219,8 | | 27,997914 | 45,576669 |
| ROSAC0157 | Pădurea Hagieni - Cotul Văii | * | 3 680,1 | | 28,427772 | 43,742622 |
| ROSAC0162 | Lunca Siretului Inferior | * | 24 980,6 | | 27,270253 | 45,878 |
| ROSAC0163 | Pădurea Mogoș - Mățele | * | 65,5 | | 27,948678 | 45,721917 |
| ROSAC0165 | Pădurea Pogănești | * | 173,5 | | 28,0255 | 45,976192 |
| ROSAC0169 | Pădurea Seaca - Movileni | * | 50,7 | | 27,533314 | 46,288261 |
| ROSAC0172 | Pădurea și Valea Canaraua Fetii - Iortmac | * | 13 636,7 | | 27,611631 | 44,027705 |
| ROSAC0175 | Pădurea Tălășmani | | 54,3 | | 27,840661 | 46,122075 |
| ROSAC0178 | Pădurea Torcești | | 132,1 | | 27,490425 | 45,680747 |
| ROSAC0215 | Recifii Jurasici Cheia | * | 5 654,5 | | 28,453094 | 44,483892 |
| ROSCI0005 | Balta Albă - Amara - Jirlău - Lacul Sărat Câineni | * | 6 397,6 | | 27,316536 | 45,289225 |
| ROSCI0006 | Balta Mică a Brăilei | | 20 665,5 | | 27,906128 | 44,943669 |

| Cód CTC | Ainm CTC | Airteagal 1 | Achar (ha) | Fad (km) | Domhanfhad | Domhanleithead |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ROSCI0012 | Brațul Măcin | * | 10 433,2 | | 28,118842 | 44,867642 |
| ROSCI0065 | Delta Dunării | * | 453 645,5 | | 29,198361 | 45,052417 |
| ROSCI0105 | Lunca Joasă a Prutului | * | 5 753,4 | | 28,179103 | 45,418505 |
| ROSCI0114 | Mlaștina Hergheliei - Obanul Mare și Peștera Movilei | * | 231,7 | | 28,583339 | 43,83785 |
| ROSCI0123 | Munții Măcinului | * | 16 926,6 | | 28,303483 | 45,155361 |
| ROSCI0191 | Peștera Limanu | | 21,4 | | 28,522075 | 43,807069 |
| ROSCI0201 | Podișul Nord Dobrogean | * | 84 875 | | 28,48925 | 44,766353 |
| ROSCI0213 | Râul Prut | | 10 583,4 | | 28,127055 | 46,129622 |
| ROSCI0259 | Valea Călmățuiului | * | 18 125,7 | | 27,416908 | 44,953353 |
| ROSCI0278 | Bordușani - Borcea | * | 5 847,5 | | 27,913892 | 44,520333 |
| ROSCI0286 | Colinele Elanului | * | 741,4 | | 28,12623 | 46,400597 |
| ROSCI0290 | Coridorul Ialomiței | * | 27 109,2 | | 26,883194 | 44,602303 |
| ROSCI0305 | Ianca - Plopu - Sărat - Comăneasca | * | 3 234,5 | | 27,717489 | 45,227367 |
| ROSCI0307 | Lacul Sărat - Brăila | * | 329,4 | | 27,895547 | 45,207547 |
| ROSCI0309 | Lacurile din jurul Măscurei | | 1 139 | | 27,539814 | 46,388753 |
| ROSCI0315 | Lunca Chineja | | 923,9 | | 28,037417 | 45,761706 |
| ROSCI0319 | Mlaștina de la Fetești | | 2 110,9 | | 27,802817 | 44,340708 |
| ROSCI0340 | Cuiugiuc | * | 139 | | 27,51245 | 44,034981 |
| ROSCI0343 | Pădurile din Silvostepa Mostiștei | * | 2 115,3 | | 26,725792 | 44,242261 |
| ROSCI0353 | Peștera - Deleni | | 2 549,3 | | 28,083069 | 44,115219 |
| ROSCI0360 | Râul Bârlad între Zorleni și Gura Gârbăvoțului | | 2 478,8 | | 27,66963 | 46,20675 |
| ROSCI0389 | Sărăturile de la Gura Ialomiței - Mihai Bravu | * | 3 488,6 | | 27,75385 | 44,755803 |
| ROSCI0398 | Straja - Cumpăna | | 1 099,8 | | 28,504836 | 44,091892 |
| ROSCI0412 | Ivrinezu | | 411,1 | | 28,003356 | 44,249917 |